

**QQI**Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Tuarascáil an Phainéil ar Athbhunú Caidrimh

Measúnú ar Chumas agus Ceadú na Nósanna Imeachta DC

Ainm Chláraithe Gnó/Trádála:	Gaelchultúr Teoranta
Seoladh:	11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2, D02 TD34
Dáta an Iarratais:	26 Meitheamh 2020
Dáta athchur isteach an iarratais:	
Dáta na cuairte suímh (más infheidhme):	08 Meán Fómhair 2020
Dáta an chruinnithe ationólta (más infheidhme):	27 Deireadh Fómhair 2020
Dáta an mholta chuig an gCoiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí	03 Nollaig 2020

1.2 Próifíl an tsoláthraí

Bunaíodh Gaelchultúr Teoranta (Gaelchultúr) sa bhliain 2005. Cuireann an Institiúid seirbhísí oideachais agus acmhainní foghlama agus teagaisc Gaeilge ar fáil d'fhoghlaimoírí agus do chainteoirí líofa Gaeilge araon. Freastalaíonn Gaelchultúr ar riachtanais oiliúna baill foirne san earnáil phoiblí agus ar an éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar aistritheoirí agus ar shainscríbhneoirí agus sainchainteoirí Gaeilge. Cuireann an Institiúid cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ar fáil i mBaile Átha Cliath, in ionaid ar fud na hÉireann agus ar líne. Tá Gaelchultúr ag obair i gcomhar le QQI le cúrsaí creidiúnaithe atá ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar fáil ó 2012 i leith. Tá cúrsaí creidiúnaithe á dtairiscint ag an Institiúid ó Leibhéal 3 - 6 agus ag Leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus, le trí bliana anuas, theistigh Gaelchultúr breis agus 300 foghlaimoír sa bhliain ar dhámhachtainí QQI. Thug breis agus 400 foghlaimoír faoi ranganna oíche na hInstitiúide in 2019, thug breis agus 30 foghlaimoír faoin Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge, agus thug breis agus 600 múinteoir faoi na cúrsaí EPV (Laethanta Saoire Pearsanta Breise) ar thimpeallacht fhíorúil foghlama na hInstitiúide, ranganna.com, an bhliain seo caite. Soláthraíonn Gaelchultúr oiliúint i nGaeilge do na ranna rialtais. Tá an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil

**QQI**Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

críochnaithe ag beagnach 2,000 foghlaimeoir ó cuireadh tús leis in 2012. Is é Gaelchultúr an t-aon Institiúid tríú leibhéal Gaeilge ar domhan atá faoi úinéireacht phríobháideach agus bronnadh an stádas sin air i mí Iúil 2013.

Cuid 2 Ballraíocht an Phainéil

Ainm	Ról bhall an phainéil	Eagraíocht
An tOllamh Alan Titley	Cathaoirleach	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Ciarán Lynch	Ball den phainéal	Community Engagement Partners Ltd
Seán Smyth	Ball den phainéal	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dr. Niall Mac Uidhílin	Ball den phainéal	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh
Dr. Deirdre Nic Mhathúna	Rúnaí agus ball den phainéal	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

D'fhreastail Marie Mattimoe, QQI, ar an gcuairt fhíorúil ar an suíomh mar bhreathnóir.

Cuid 3 Torthaí an Phainéil

3.1 Torthaí Achoimre

Rinne an painéal athbhreithniú cuimsitheach ar cháipéisíocht dearbhaithe cáilíochta Gaelchultúr agus tugadh cuairt fhíorúil ar an Institiúid le linn an phróisis athbhunaithe caidrimh. Chuir an soláthraí deiseanna cuí ar fáil le go bhféadfadh an painéal bualadh leis na baill foirne ar fad a raibh dlúthbhaint acu le cruthú agus le cur i bhfeidhm na mbeartas agus na nósanna imeachta sin. Bhí idir fhoireann riaracháin agus fhoireann acadúil i láthair ag na cruinnithe le linn na cuairte fíorúla agus ba mhór ag an bpainéal an cháiréis a chaith siad leis an gcúram. D'aithin an painéal an ról lárnach atá ag foghlaimeoirí i mbeartais agus i nósanna imeachta Gaelchultúr. Ba léir don phainéal go bhfuil an dea-chleachtas i réimse na dearbhaithe cáilíochta neadaithe go domhain i ngníomhaíochtaí agus in éiteas Gaelchultúr. Ar an iomlán, bhí an painéal an-sásta leis an eolas a chuir Gaelchultúr ar fáil faoina chuid beartas agus nósanna imeachtaí i dtaca le dearbhú cáilíochta.

Mar sin féin, ag deireadh na cuairte fíorúla ar an láthair, ba chás leis an bpainéal gnéithe áirithe de na beartais dearbhaithe cáilíochta i réimse an rialachais agus i dtaca le cúraimí áirithe teagaisc agus foghlama. Aithníodh iad seo mar athruithe éigeantacha molta agus leagtar amach i Mír 7.1 den tuairisc seo iad. Tugadh comhairle shonrach i dtaca le gné amháin i Mír 7.2 thíos. Toisc gur saincheisteanna iad seo a bhí scoite óna chéile, áfach, agus toisc gur mheas an painéal go bhféadfadh an soláthraí dul i ngleic leo go tapa, bheartaigh an painéal a chinneadh a chur siar ar feadh tréimhse sé seachtaine chun deis a thabhairt



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

do Gaelchultúr leas a bhaint as an am seo chun fianaise a sholáthar lena léiriú go bhfuiltear tar éis dul i ngleic go sásúil leis na saincheisteanna a ardaíodh.

Tháinig an painéal le chéile arís ar 27.10.2020 chun athbhreithniú deisce a dhéanamh ar an bhfianaise a chuir Gaelchultúr ar fáil ina dhiaidh sin. Is é tuairim an phainéil **go bhfuil** Gaelchultúr tar éis dul i ngleic go sásúil leis na hathruithe éigeantacha molta agus **go bhfuil** sé tar éis freagraí cuí a thabhairt i dtaca le comhairle shonrach thosaigh an phainéil. Dá bharr sin, molann an painéal go ndéanfadh QQI **faomhadh** ar nósanna imeachta Gaelchultúr.

3.2 Moladh an phainéil chuig an gCoiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí den QQI

	Ticeáil <u>ceann</u> <u>amháin</u> mar is cuí
Ceadaigh dréacht-nósanna imeachta DC Gaelchultúr	√
Diúltaigh cead do dhréacht-nósanna imeachta DC [an tsoláthraí – cuir isteach an t-ainm] ag feitheamh ar athruithe éigeantacha atá leagtha amach i Roinn 7.1 (Má ghlacann an QQI leis an moladh seo, féadfaidh an soláthraí iarratas athcheartaithe a dhéanamh laistigh de shé mhí ó dháta an chinnidh)	
Diúltaigh ceadú do dhréacht-nósanna imeachta DC [an tsoláthraí – cuir isteach an t-ainm]	



Cuid 4 Meastóireacht ar chumas an tsoláthraí

4.1 Riachtanais dhlíthiúla agus chomhlíonta:

	<i>Na Critéir</i>	<i>Tá/Níl/ Go páirteach</i>	<i>Tráachtaí</i>
4.1.1(a)	<i>Critéar: An aonán dlíthiúil an t-iarratasóir a bhfuil oideachas agus oiliúint mar phríomhfheidhm aige?</i>	Is ea	Tá Gaelchultúr Teoranta cláraithe mar chuideachta theoranta in Éirinn. Uimhir CRO: 387463. Cuireadh deimhniú corpraithe agus teastas cláraithe ar fáil mar chuid den iarratas. Is léir ó ráiteas misin Gaelchultúr gurb é oideachas agus oiliúint príomhfheidhm na cuideachta.
4.1.2(a)	<i>Critéar: An bhfuil an t-aonán dlíthiúil bunaithe san Aontas Eorpach agus an bhfuil láithreacht shubstaintiúil aige in Éirinn?</i>	Tá	Bunaíodh Gaelchultúr Teoranta mar aonán dlíthiúil in Éirinn. Tá sé lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus cuirtear oideachas ar fáil ar líne agus in áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann.
4.1.3(a)	<i>Critéar: An bhfuil aon spleáchais, comhoibriú, oibleagáidí, eagraíochtaí tuismitheora, agus fo-chuideachtaí sonraithe go soiléir?</i>	N/B	Ní hann dóibh.
4.1.4(a)	<i>Critéar: An bhfuil aon chaidreamh nó comhpháirtíocht tríú páirtí comhoiriúnach leis an raon rochtana atá á lorg?</i>	N/B	Ní hann dóibh.
4.1.5(a)	<i>Critéar: An bhfuil na rialacháin agus an reachtaíocht is infheidhme comhlíonta i ngach dlínse ina n-oibríonn sé?</i>	Tá	Tugann an cháipéisíocht a chuir Gaelchultúr ar fáil le fios go bhfuil na rialacháin agus an reachtaíocht a bhaineann le hábhar comhlíonta i gcás na hÉireann agus nach gcuireann sé cúrsaí foirmeálta ar fáil in aon dlínse eile.



4.1.6(a)	Critéar: <i>An bhfuil dea-cháil ar an iarratasóir sa chóras cháilíochtaí agus sa chóras oideachais agus oiliúna in aon tíortha ina n-oibríonn sé (nó ina n-oibríonn a thuismitheoirí nó a fho-chuideachtaí) nó ina gcláraítear foghlaimoírí, nó ina bhfuil socrúithe aige le comhlachtaí cáiliúcháin, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, údaráis cháilíochtaí, aireachtaí oideachais agus oiliúna, comhlachtaí gairmiúla agus rialaitheoirí.</i>	Tá	Tá Gaelchultúr ag obair i gcomhar le QQI le cúrsaí creidiúnaithe atá ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar fáil ó 2012 agus ní chuireann sé cúrsaí foirmeálta ar fáil in aon dlínse eile.
-----------------	---	----	--

Torthaí

Bhí an painéal sásta go gcomhlíonann Gaelchultúr na riachtanais dhlíthiúla agus chomhlíonta go léir a leagtar amach i gcritéir 4.1.

**4.2 Riachtanais acmhainne, rialachais agus struchtúrtha:**

	Na Critéir	Tá/Níl/ Go páirteach	Tráchtai
4.2.1(a)	Critéar: <i>An bhfuil bonn acmhainne dóthanach ag an iarratasóir agus an bhfuil sé cobhsaí agus dea-cháil airgeadais air?</i>	Tá	Léiríonn an fhianaise a chuir Gaelchultúr ar fáil mar chuid den iarrtas gur fíor seo. I measc na gcáipéisí a cuireadh ar fáil, tá ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31.12.2018, deimhniú imréitigh cánach, litir ó chuntasóir na cuideachta ag deimhniú go bhfuil na ráitis airgeadais reachtúla ag cloí le dlí cuideachtaí na hÉireann, deimhniú ar árachas damáiste d'ábhar, árachas dliteanais fostóra agus árachas dliteanais poiblí. Tugadh faoi deara nach bhfuil árachas dóiteáin d'fhoirgneamh i láthair.
4.2.2(a)	Critéar: <i>An bhfuil cás réasúnta gnó ag an iarratasóir le haghaidh soláthar inbhuanaithe?</i>	Tá	Tá seasamh ag Gaelchultúr mar sholáthraí cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe a mbíonn tóir orthu. Tacaíonn fianaise a cuireadh ar fáil mar chuid den iarratas leis an gcás gnó, ina measc eolas faoin éileamh ard ar chúrsaí na hinstitiúide, a hionad mar an t-aon eagraíocht amháin a sholáthraíonn oiliúint sa Ghaeilge do na ranna rialtais mar aon lena cur chuige solúbtha fostaíochta.
4.2.3(a)	Critéar: <i>An bhfuil na struchtúir rialachais, bhainistíochta agus cinnteoireachta atá i bhfeidhm oiriúnach don fheidhm?</i>	Tá	Ag cuairt fhíorúil an phainéil ar an láthair, d'aithin an painéal go raibh struchtúir chuimsitheacha rialachais, bhainistíochta agus cinnteoireachta i bhfeidhm in Gaelchultúr ach bhí athruithe éigeantacha molta áirithe le cur i bhfeidhm sula ndéanfaí faomhadh. Tá na hathruithe éigeantacha



			molta sin leagtha amach i Mír 7.1 thíos. Tar éis an chruinnithe ationólta, tá an painéal sásta go bhfuil cruthúnas tugtha ag Gaelchultúr go bhfuil na hathruithe éigeantacha molta curtha i bhfeidhm.
4.2.4(a)	Critéar: <i>An bhfuil socruithe i bhfeidhm chun faisnéis riachtanach a chur ar fáil don QQI?</i>	Tá	Tá na socruithe chun faisnéis riachtanach a chur ar fáil don QQI sonraithe ag Gaelchultúr sna nósanna imeachta a bhaineann le dearbhú cáilíochta.

Torthaí

Ag an gcuairt fhíorúil ar an láthair, bhí an painéal sásta go gcomhlíonann Gaelchultúr na riachtanais acmhainne, rialachais agus struchtúrtha a leagtar amach i gcritéir 4.2 ach amháin iad sin a bhain le critéar 4.2.3(a). Leagtar amach na hathruithe éigeantacha molta sin a bhaineann le hábhar i Mír 7.1 thíos. Tar éis an chruinnithe ationólta, tá an painéal sásta go bhfuil cruthúnas tugtha ag Gaelchultúr go bhfuil na hathruithe éigeantacha molta curtha i bhfeidhm.

4.3 Riachtanais maidir le forbairt agus soláthar clár:

	Na Critéir	Tá/Níl/ Go páirteach	Tráchtai
4.3.1(a)	Critéar: <i>An bhfuil taithí ag an iarratasóir agus cuntas teiste aige ar chlár oideachais agus oiliúna a sholáthar?</i>	Tá	Bunaíodh Gaelchultúr in 2005 agus tá méadú tagtha ar líon agus éagsúlacht na gclár a chuireann sé ar fáil ó shin.
4.3.2(a)	Critéar: <i>An bhfuil líon foirne oideachais agus oiliúna ag an soláthraí atá cobhsaí agus oiriúnach don fheidhm?</i>	Tá	Idir líon na bhfostaithe a bhfuil tuarastal ag dul dóibh agus líon na bhfostaithe atá ar chonraí sealadacha, measann an painéal go bhfuil líon foirne



			oideachais agus oiliúna ag Gaelchultúr atá ag teacht le méid agus soláthar na hInstitiúide.
4.3.3(a)	Critéar: <i>An bhfuil an cumas ag an iarratasóir na coinníollacha caighdeánacha bailíochtaithe, a shonraítear in Alt 45(3) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (2012) (an tAcht), a chomhlíonadh?</i>	Tá	Tá an painéal sásta go léiríonn Gaelchultúr trína bheartais dearbhaithe cáilíochta agus sa bhealach inar phléigh sé leis an bpróiseas athbhunaithe caidrimh go bhfuil an cumas aige coinníollacha caighdeánacha bailíochtaithe an Achta a chomhlíonadh.
4.3.4(a)	Critéar: <i>An bhfuil áitreabh, saoráidí agus acmhainní oiriúnacha don fheidhm i bhfeidhm ag an iarratasóir a chomhlíonadh riachtanais an tsoláthair bheartaithe?</i>	Tá	Tá oifigí agus seomraí ranga ag Gaelchultúr i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Glacann sé seomraí ranga ar cíos in ionaid eile i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile in Éirinn de réir mar is cuí.
4.3.5(a)	Critéar: <i>An bhfuil socruithe maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú i bhfeidhm a shásódh critéir cheadaithe an QQI?</i>	Tá	Léirítear iad seo sa cháipéisíocht dearbhaithe cáilíochta a cuireadh ar fáil mar chuid den iarratas.
4.3.6(a)	Critéar: <i>An bhfuil struchtúir agus acmhainní ann chun gur féidir foghlaimoírí a mheasúnú go cothrom agus go comhsheasmhach?</i>	Tá	Léiríonn cáipéisíocht dearbhaithe cáilíochta Gaelchultúr go bhfuil struchtúir agus acmhainní ann chun gur féidir foghlaimoírí a mheasúnú go cothrom agus go comhsheasmhach.



4.3.7(a)	Critéar: <i>An bhfuil socruithe ann a shásódh na hoibleagáidí reachtúla chun foghlaimoírí cláraithe a chosaint (áit is gá)?</i>	Tá	Tá na socruithe a bhaineann le hábhar leagtha amach sa cháipéisíocht a chuir Gaelchultúr ar fáil mar chuid den iarratas.
-----------------	--	----	--

Torthaí

Tá an painéal sásta go gcomhlíonann Gaelchultúr na riachtanais a bhaineann le forbairt agus soláthar clár a leagtar amach i gcritéir 4.3.

4.4 Torthaí iomlána maidir le cumas an tsoláthraí chun oideachas agus oiliúint inbhuanaithe a chur ar fáil

Tá an painéal sásta go bhfuil léirithe ag Gaelchultúr go bhfuil ar a chumas oideachas agus oiliúint inbhuanaithe a chur ar fáil. Tá cúlra láidir san oideachas ag an Institiúid agus an-dea-cháil uirthi san earnáil. Ag an gcúirt fhíorúil ar an láthair, ar an iomlán, bhí beartais dearbhaithe cáilíochta cuí forbraithe aici le nósanna imeachta na hInstitiúide a léiriú go cruinn agus le freastal ar riachtanais QQI. Mar sin féin, bhí an painéal tar éis saincheisteanna sa réimse seo a aithint a raibh athruithe éigeantacha molta ina dtaobh. Leagtar amach na hábhair sin i Mír 7.1 thíos. Tar éis an chruinnithe ationólta, tá an painéal sásta gur cuireadh cruthúnas ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na n-athruithe éigeantacha molta.



Cuid 5 Measúnú ar dhréacht-nósanna imeachta DC a chuir Gaelchultúr Teoranta isteach

Seo a leanas torthaí an phainéil tar éis meastóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta dearbaithe cáilíochta Gaelchultúr i gcomparáid le Croí-Threoirínte Reachtúla an QQI maidir le Dearbhú Cáilíochta (Aibreán 2016) agus Treoirínte um Dhearbhú Cáilíochta do Thopaicí Sonracha - Foghlaim Chumaisc. Leanann ranna 1-11 den tuarascáil struchtúr agus tagairtí na gCroí-Threoirínte DC.

1 RIALACHAS AGUS BAINISTIÚ CÁILÍOCHTA

Torthaí an phainéil:

Tá an córas atá i bhfeidhm ag Gaelchultúr maidir le rialachas agus bainistiú a dhéanamh i dtaca le dearbhú cáilíochta éifeachtach agus oiriúnach don chuspóir. Tá Oifigeach um Dhearbhú Cáilíochta Gaelchultúr freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta na hInstitiúide agus as a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm i gceart iad. Tá baill foirne eile ar Fhoireann Cáilíochta a chuidíonn le cur i bhfeidhm na hoibre a bhaineann le cúrsaí cáilíochta. Tá na beartais éagsúla a bhaineann le dearbhú cáilíochta leagtha amach go han-soiléir sa Lámhleabhar um Dhearbhú Cáilíochta agus tá minicíocht an athbhreithnithe mar aon leis an té atá freagrach as gach réimse léirithe go soiléir.

Éilíonn Buntreoirínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta an QQI nach mbeadh tionchar eisiach ag cinnteoirí corparáideacha laistigh den soláthraí ar chinnteoireacht acadúil. Ní hamhlaidh go bhfuil an painéal ag maíomh sa tuairisc seo go bhfuil a leithéid de fhadhb le sonrú i gcás Gaelchultúr. Ag an gcuairt fhíorúil ar an láthair ar 8.9.2020, áfach, d'aithin an painéal athruithe éigeantacha molta le cur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mbaol a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le coimhlint leasa i líon teoranta gnéithe a bhaineann le rialachas. Iarradh go ndéanfaí leasuithe ar struchtúr na bPainéal Faofa Torthaí agus ar struchtúir an Phainéil Achomhairc chun dul i ngleic leis na saincheistanna seo. Athrú éigeantach molta eile ab ea go mbeadh ionadaí ó gach modúl a bhfuil torthaí dá chuid á mbreithniú mar bhall den Phainéal Faofa Torthaí ar gach clár bailíochtaithe. Tá an painéal sásta gur cuireadh fianaise ar fáil gur cuireadh na hathruithe éigeantacha molta seo i bhfeidhm.

Mar institiúid measartha beag, is intuigthe go bhféadfadh rólanna éagsúla a bheith ag na baill foirne chéanna. Téann Gaelchultúr i ngleic leis an dúshlán seo trí rólanna cuí a thabhairt do dhaoine seachtracha. Mar a fheictear i Mír 7.1, tar éis na cuairte fíorúla, bhí iarrtha ag an bPainéal go dtreiseofaí na rólanna seo in áiteanna. Mar athrú éigeantach molta, bhí leasú le déanamh ar an eolas faoi bhallraíocht an Bhoird Stiúrtha chun go mbeadh sonraí na ballraíochta sin lánsoiléir. Tá an painéal sásta gur cuireadh fianaise ar fáil gur cuireadh an t-athrú seo i bhfeidhm. Mar chomhairle shonrach, i Mír 7.2 moladh do Gaelchultúr smaoineamh ar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin seachtrach a earcú ar an mBord Stiúrtha chun cloí le deachleachtas rialachais reatha.



2 CUR CHUIGE DOICIMÉADAITHE I LEITH DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Torthaí an phainéil:

D'aithin an painéal a chuimsíthí agus a shoiléire is a bhí an cháipéisíocht um dhearbhú cáilíochta a chuir Gaelchultúr ar fáil mar chuid den iarratas ar athbhunú caidrimh. Léirigh an cháipéisíocht sin, go háirithe Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir, mar aon leis an bplé le foireann na hInstitiúide ag an gcuairt fhíorúil go bhfuil an dearbhú cáilíochta ina dhlúthchuid de nósanna imeachta agus de chultúr na hInstitiúide. Ag an gcuairt fhíorúil, mheas an painéal go raibh beartais agus nósanna imeachta maidir le dearbhú cáilíochta in Gaelchultúr ag teacht le treoirlínte an QQI ar an iomlán. Aithníodh líon beag leasuithe a áiríodh mar athruithe éigeantacha molta sa réimse seo. Mar a leagtar amach i Mír 7.1 thíos, ba ghá roinnt míreanna eolais breise a chur i Lámhleabhar na bhFoghlaimoirí: (i) eolas faoin mbealach/faoi na bealaí ar féidir le foghlaimoir teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí ranga agus (ii) eolas faoin mbealach a cheaptar an t-ionadaí ranga. Tar éis an chruinnithe ationólta, tá an painéal sásta go bhfuil cruthúnas curtha ar fáil maidir le ceapadh an ionadaí ranga. Mar chomhairle shonrach ag éirí as an gcruinniú ationólta, moltar go leagfaí amach go soiléir go mbeadh cead ag mic léinn teagmháil a dhéanamh leis na hionadaithe ranga aon uair is gá. Ar aon chlár bailíochtaíthe, an Teastas Gairmiúil sa Ghaeilge san áireamh, ba ghá an modh cumarsáide idir ceartaitheoirí agus teagascóirí a bheachtú sa Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta agus i gcáipéisí eile a dhéanann tagairt do nósanna imeachta maidir le ceartúchán. Tar éis an chruinnithe ationólta, tá an painéal sásta go bhfuil cruthúnas curtha ar fáil maidir leis seo.

3 CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Torthaí an phainéil:

Dhá phríomhchlár creidiúnaithe a thairgeann Gaelchultúr faoi láthair: An Diplóma Iarchéime san Aistriúchán atá ag Leibhéal 9 agus an Teastas Gairmiúil sa Ghaeilge a chuirtear ar fáil ag Leibhéal 3 – Leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Cuireann Gaelchultúr raon leathan acmhainní ar fáil dá chuid foghlaimoirí ar an timpeallacht fhíorúil foghlama, ranganna.com. D'aithin an Institiúid go bhfuil deiseanna ann di le breis forbartha a dhéanamh ar an soláthar clár sa todhchaí. Ag teacht le riachtanais na mBuntreoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta de chuid an QQI, tá beartais i bhfeidhm maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn foghlaimoirí. Cuirtear deiseanna ar fáil d'fhoghlaimoirí le dul ar aghaidh chuig cáilíocht ar an gcéad leibhéal eile den Chreat Náisiúnta Cáilíochta nuair is féidir. I gcás go gcuirfí iarrthóir faoi agallamh mar chuid den phróiseas roghnúcháin ar chlár bailíochta, mar athrú éigeantach molta i ndiaidh na cuairte fíorúla, d'iarr an painéal go mbeachtófaí sa Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta cad leis a mbeifí ag súil in agallamh dá shórt agus cad iad na critéir a bheadh in úsáid. Tar éis an chruinnithe ationólta, tá an painéal sásta gur cuireadh cruthúnas ar fáil gur cuireadh an t-athrú éigeantach molta seo i bhfeidhm. Tá córais shoiléire i bhfeidhm maidir le cláir a fhorbairt agus chun dearadh agus faomhadh a dhéanamh ar chlár nua.

4 EARCÚ, BAINISTÍOCHT AGUS FORÁS FOIRNE

Torthaí an phainéil:

Bhí an painéal sásta leis na beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le dearbhú cáilíochta sa réimse seo. Tá an fhianaise chuí, ar a n-áirítear eolas faoi bheartais a bhaineann le hearcú foirne, le cur síos ar rólanna agus ar fhreagrachtaí foirne, ar dheiseanna don fhorbairt ghairme, cuimsitheach agus soiléir.



Eagraítear cruinniú athbhreithnithe feidhmíochta do gach ball foirne ar bhonn bliantúil. Cuirtear ionduchtú ar fáil do gach ball foirne nua. Tá sé aitheanta ag Gaelchultúr gur mian leis an Institiúid tacú leis an bhfoireann a bheith níos rannpháirtí in imeachtaí ar nós comhdhálacha agus d'fháiltigh an painéal roimh an bhforbairt leanúnach sa réimse seo. Tá conair shoiléire fhoirmeálta i bhfeidhm chomh maith le deiseanna neamhfoirmiúla chun cumarsáid rialta a dheimhniú i measc na foirne. Ba léir don phainéal ón gcúairt fhíorúil go raibh leibhéal an-ard cumarsáide i measc na foirne.

5 MÚINEADH AGUS FOGHLAIM

Torthaí an phainéil:

Bhí sé soiléir don phainéal ón gcáipéisíocht agus ón bplé le linn na cuairte fíorúla go ndéantar an-chúram de chur chun cinn an teagaisc agus na foghlama in Gaelchultúr agus go mbíonn an foghlaimeoir chun tosaigh oiread agus is féidir i ngnóthaí uile na hInstitiúide. Léiríonn an Beartas Teagaisc agus Foghlama an bhéim a leagtar ar chur chun cinn an dea-chleachtais sa réimse agus ar fhorbairt iomlán an fhoghlaimeora. Tá córais chuí i bhfeidhm chun plé le haiseolas, le gearáin agus le hachomhairc ó fhoghlaimeoirí. Ba léir don phainéal go ndéanann Gaelchultúr an-chúram den timpeallacht foghlama, idir an timpeallacht fhisiciúil agus an timpeallacht fhíorúil. Aithníonn an painéal dea-cháil agus ceannródaíocht Gaelchultúr i soláthar acmhainní teagaisc ar líne d'fhoghlaimeoirí na hInstitiúide agus don phobal mór araon.

6 MEASÚNÚ FOGHLAIMEOIRÍ

Torthaí an phainéil:

Tá struchtúir agus córais chuimsitheacha forbartha ag Gaelchultúr i dtaca le measúnú cothrom, comhsheasmhach agus trédhearcach a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí. Tugtar mioneolas d'fhoghlaimeoirí faoin bpróiseas measúnaithe i Lámhleabhar na bhFoghlaimeoirí. Tá beartais shoiléire i bhfeidhm chun dearbhú cáilíochta sa réimse seo a chur chun cinn go leanúnach, beartas maidir le fíorú inmheánach san áireamh. Mhol an painéal an cúram a chaitear le hoiliúint a chur ar cheartaitheoirí nua. I dteannta na nósanna imeachta maidir le cumarsáid idir ceartaitheoirí agus an fíoraitheoir inmheánach a leagtar síos, mar athrú éigeantach molta i ndiaidh na cuairte fíorúla, d'iarr an painéal ar an soláthraí a chinntiú go bhfuil modh cumarsáide soiléir ann idir ceartaitheoirí agus teagascóirí maidir le dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí ina gcuid measúnaithe. Tar éis an chruinnithe ationólta, tá an painéal sásta gur cuireadh cruthúnas ar fáil gur cuireadh an t-athrú éigeantach molta seo i bhfeidhm.

7 TACAÍOCHT D'FHOGHLAIMEOIRÍ

Torthaí an phainéil:

Is léir ón bpróiseas athbhunaithe caidrimh go dtacaítear go láidir le foghlaimeoirí Gaelchultúr go hacadúil agus go pearsanta. Tagraíodh go minic le linn na cuairte fíorúla don aird a thugann foireann na hInstitiúide ar aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus tugadh mórán samplaí de mholtaí ó fhoghlaimeoirí a cuireadh i bhfeidhm. Tá comhairleoir seachtrach ar fáil d'fhoghlaimeoirí an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí maidir le deacrachtaí pearsanta, sóisialta agus meabhairshláinte.



Ceaptar ionadaithe ranga, ról a chinntíonn go mbíonn conair shoiléir chumarsáide ar fáil idir foghlaimeoirí agus an fhoireann.

8 BAINISTÍOCHT FAISNÉISE AGUS SONRAÍ

Torthaí an phainéil:

Bhí an painéal sásta leis an eolas ar fad a cuireadh ar fáil maidir le beartais agus nósanna imeachta i dtaca le bainistíocht faisnéise agus sonraí. I measc an eolais sin, tá fianaise sa cháipéisíocht a cuireadh ar fáil go bhfuil faisnéis agus sonraí iontaofa ar fáil a chuireann ar chumas Gaelchultúr cinnteoireacht oiriúnach a dhéanamh. Tugadh fianaise chomh maith go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

9 FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID PHOIBLÍ

Torthaí an phainéil:

Tá an painéal sásta go gcuirtear an t-eolas cuí ar fad ar fáil d'fhoghlaimeoirí mar a leagtar síos i mBuntreoirlínte Reachtúla QQI iad agus go gcuirtear an t-eolas cuí ar fáil ar shuíomh idirlín Gaelchultúr. Tá an leagan reatha den Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta ag Gaelchultúr ar fáil ar shuíomh idirlín na hInstitiúide. Cuirtear eolas ar fáil go soiléir d'fhoghlaimeoirí ar shuíomh idirlín Gaelchultúr, sna Treoirleabhair do mhic léinn agus le linn na seisiún ionductaithe.

10 PÁIRTITHE EILE ATÁ BAINTEACH LE HOIDEACHAS AGUS OILIÚINT (Printíseachtaí san áireamh)

Torthaí an phainéil:

Tá an painéal sásta go bhfuil critéir ar leith leagtha síos d'earcú scrúdaitheoirí/fíordheimhnitheoirí seachtracha. Ag an gcuairt fhíorúil ar an láthair, ba é dhá bhliain an tréimhse reatha ag scrúdaitheoirí/fíordheimhnitheoirí seachtracha, agus mar cheann de na hathruithe éigeantacha molta a leag an painéal amach i ndiaidh na cuairte fíorúla, moladh gur trí bliana a bheadh sa tréimhse ceapúcháin sin feasta. Athrú éigeantach molta eile a d'iarr an painéal i ndiaidh na cuairte fíorúla ná go ndéanfaí ról an scrúdaitheora/fhíordheimhnitheora sheachtraigh i bpróiseas na scrúduithe féin a neartú. Tar éis an chruinnithe ationólta, tá an painéal sásta gur cuireadh cruthúnas ar fáil gur cuireadh na hathruithe éigeantacha molta seo i bhfeidhm.

11 FÉINMHEASÚNÚ, MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Torthaí an phainéil:

Cuireadh fianaise ar fáil mar chuid den phróiseas athbhunaithe caidrimh faoi bheartais chuimsitheacha i dtaca le féinmheasúnú, monatóireacht agus athbhreithniú atá i bhfeidhm ag Gaelchultúr. Ba léir don phainéal go bhfuil an iompar seo neadaithe go domhain san Institiúid, go bhfuil struchtúir i láthair le gníomhú de réir thorthaí na bpróiseas sin agus go mbaintear leas cuí astu.

**12 NÓSANNA IMEACHTA DC DE RÉIR TOPAICE: FOGHLAIM CHUMAISIC*****Torthaí an phainéil:***

Bhí an painéal an-mholtach faoin leas forleathan a bhaineann Gaelchultúr as an bhfoghlaim chumaisc. Is léir go bhfuil taithí fhairsing ag an Institiúid ar an gcur chuige seo agus go bhfuil siad ina gceannródaithe sa réimse. Is clár foghlama cumaisc é an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán agus bhí an painéal an-mholtach maidir leis an gcúram a dhéanann Gaelchultúr den tacaíocht i dteicneolaíocht na faisnéise a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimoirí. Thug an painéal moladh ar leith don socrú go mbíonn cúnamh teicniúil ar fáil le linn gach aon seisiún teagaisc a bhíonn beo ar líne.

Meastóireacht ar dhréacht-nósanna imeachta DC – Torthaí iomlána an phainéil

Molann an painéal Gaelchultúr as an bplé cuimsitheach a rinneadh ar na dréacht-nósanna a bhaineann le dearbhú cáilíochta le linn na cuairte fíorúla. Léirigh an cháipéisíocht a cuireadh ar fáil mar chuid den iarratas ar athbhunú caidrimh mar aon leis an bplé le baill foirne ag an gcuairt fhíorúil go bhfuil an deachleachtas i réimse na dearbhaithe cáilíochta neadaithe go domhain san Institiúid. Ba léir chomh maith a lárnaí is atá an foghlaimoir i ngníomhaíochtaí agus in éiteas na hInstitiúide. Cé gur éiligh an painéal roinnt athruithe éigeantacha molta i ndiaidh na cuairte fíorúla ar an láthair, bhíothas an-sásta ar an iomlán leis an eolas a chuir Gaelchultúr ar fáil i dtaca le beartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta.

Mar sin féin, ag deireadh na cuairte fíorúla ar an láthair, ba chás leis an bpainéal gnéithe áirithe de na beartais dearbhaithe cáilíochta i réimse an rialachais agus i dtaca le cúraimí áirithe teagaisc agus foghlama. Aithníodh iad seo mar athruithe éigeantacha molta agus leagtar amach i Mír 7.1 den tuairisc seo iad. Tugadh comhairle shonrach i dtaca le gné amháin i Mír 7.2 thíos. Toisc gur saincheisteanna iad seo a bhí scoite óna chéile, áfach, agus toisc gur mheas an painéal go bhféadfadh an soláthraí dul i ngleic leo go tapa, bheartaigh an painéal a chinneadh a chur siar ar feadh tréimhse sé seachtaine chun deis a thabhairt do Ghaelchultúr leas a bhaint as an am seo chun fianaise a sholáthar lena léiriú go bhfuiltear tar éis dul i ngleic go sásúil leis na saincheisteanna a ardaíodh.

Dearbhaíonn an painéal **gur chuaigh** Gaelchultúr **i ngleic go héifeachtach** leis na hathruithe éigeantacha molta a leagtar amach i Mír 7.1 agus **gur cuireadh fianaise ar fáil** i dtaca le dul i ngleic leis na hathruithe éigeantacha sin laistigh den tréimhse 6 seachtaine a leagadh amach. Dá bhrí sin, molann an painéal go ndéanadh QQI **faomhadh** ar nósanna imeachta Gaelchultúr.



Cuid 6 Coinníollacha Ceadaithe DC

6.1 Coinníollacha Ceadaithe DC

N/a

Cuid 7 Athruithe Éigeantacha ar Nósanna Imeachta DC agus Comhairle Shonrach

D'aithin an painéal na hathruithe éigeantacha molta atá leagtha amach anseo thíos ag an gcuairt fhíorúil ar an láthair ar 8.9.2020. Bheartaigh an painéal a chinneadh a chur siar chun deis a thabhairt do Ghaelchultúr dul i ngleic leis na saincheistean seo laistigh de thréimhse sé seachtaine. Tháinig an painéal le chéile arís ar 27.10.2020 chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise a chuir Gaelchultúr ar fáil le tacú leis na hathruithe molta. Tar éis don phainéal an fhianaise a cuireadh ar fáil a mheas, tá an painéal **sásta** go bhfuil Gaelchultúr tar éis dul i ngleic go cuí leis na ceistean a leagtar amach i Mír 7.1 thíos.

7.1 Athruithe Éigeantacha

1. *Coimhlint leasa*

An Painéal Faofa Torthaí

- Is é an Riarthóir Acadúil a bheidh mar Chathaoirleach ar an bPainéal Faofa Torthaí ar aon chlár bailíochtaithe, an Teastas Gairmiúil sa Ghaeilge agus an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán san áireamh, mar shampla.
- Beidh duine seachtrach ina bhall den Phainéal Faofa Torthaí ar aon chlár bailíochtaithe, an Teastas Gairmiúil sa Ghaeilge agus an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán san áireamh, mar shampla.

An Painéal Achomharc

- Is é an ball seachtrach den phainéal a bheidh ina Chathaoirleach ar an bPainéal Achomharc.

Athrú eile:

- Beidh ionadaí ó gach modúl a bhfuil torthaí dá chuid á mbreithniú mar bhall den Phainéal Faofa Torthaí ar aon chlár bailíochtaithe, an Teastas Gairmiúil sa Ghaeilge agus an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán san áireamh, mar shampla.

2. *Ballraíocht an Bhoird Stiúrtha*

- Sa cháipéis 'Athruithe le cur i bhfeidhm - LDC agus aguisíní' a cuireadh ar fáil mar ábhar breise don phainéal, tá an comhairleoir seachtrach bainistíochta luaite sa bhosca dar teideal 'Baill sheachtracha/Baill cheaptha.' Leasófar an t-eolas seo le go mbeadh sé lánsoiléir nach ball den Bhorde Stiúrtha an comhairleoir seachtrach bainistíochta.

3. *Lámhleabhar na bhFoghlaimoirí*

Cuirfear an t-eolas seo thíos i Lámhleabhar na bhFoghlaimoirí:



- An bealach/na bealaí ar féidir le foghlaimeoir teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí ranga.
- Eolas faoin mbealach a cheaptar an t-ionadaí ranga.

4. Cumarsáid idir Ceartaitheoirí agus Teagascóirí

- Ar aon chlár bailíochtaíthe, an Teastas Gairmiúil sa Ghaeilge san áireamh, mar shampla, déanfar an modh cumarsáide idir ceartaitheoirí agus teagascóirí a bheachtú sa Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta agus i gcáipéisí eile a dhéanann tagairt do nósanna imeachta maidir le ceartúchán.

5. An Scrúdaitheoir/Fhíordheimhniitheoir Seachtrach

- Is téarma trí bliana a bheidh i gceapúchán an scrúdaitheora/fhíordheimhniitheora sheachtraigh. Déanfar ról an scrúdaitheora/fhíordheimhniitheora sheachtraigh i bpróiseas na scrúduithe a neartú.

6. An tslí ina roghnaítear foghlaimeoirí do na cláir éagsúla

- I gcás go gcuirfí iarrthóir faoi agallamh mar chuid den phróiseas roghnúcháin ar chlár bailíochta, beachtófar sa Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta cad leis a mbeifí ag súil in agallamh dá shórt agus cad iad na critéir a bheadh in úsáid.

7. Foilsiú nósanna imeachta

- Cuirfear na polasaithe agus na nósanna imeachta ar fad a bhaineann leis na nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta a faomhadh ar fáil mar chuid den Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta nó déanfar iad a nascadh leis an Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta agus é á fhoilsiú.

7.2

Comhairle Shonrach

1. Moltar do Gaelchultúr smaoineamh ar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin seachtrach a earcú ar an mBord Stiúrtha chun cloí le dea-chleachtas rialachais reatha.
2. Moltar go leagfaí amach go soiléir go mbeadh cead ag mic léinn teagmháil a dhéanamh leis na hionadaithe ranga aon uair is gá.

Cuid 8 An Raon Soláthair a Bheartaítear a Cheadú don Soláthraí Seo

Leibhéal/leibhéal CNC – íosta agus uasta	Aicme/aicmithe Dámhachtana	Réimsí Disciplíne
Leibhéal 3 - 6	Dámhachtain nach mórdámhachtain í	Gaeilge
Leibhéal 9	Mórdámhachtain	Léann an Aistriúcháin



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Cuid 9

Ceadú ó Chathaoirleach an Phainéil

Déantar tuarascáil seo an phainéil a cheadú agus a chur isteach chuig an QQI dá chinneadh ar cheadú dréacht-Nósanna Imeachta Dearbhaithe Cáilíochta Gaelchultúr Teoranta.

Ainm: **Alan Titley**

Dáta: 30/10/2020

**QQI**Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Iarscríbhinn 1: Doiciméid a cuireadh ar fáil don Phainéal i gcúrsa na Meastóireachta

Doiciméad	Bainteach le
An tIarratas ar Athbhunú Caidrimh: <ul style="list-style-type: none">- Foirm iarratais- Doiciméid thacaíochta, eolas faoin gcuideachta agus faoi inmhharthanacht airgeadais san áireamh	Gach mír
Doiciméid Dearbhaithe Cáilíochta Gaelchultúr, Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúir san áireamh	Mír 5 go háirithe
Doiciméid QQI a bhaineann leis an bpróiseas um Athbhunú Caidrimh, Buntreoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta san áireamh	Gach mír
Tuairiscí QQI i dtaca le Dámhachtana Gaelchultúr	Mír 8
Eolas breise ó Ghaelchultúr don Phainéal, Téarmaí Tagartha don Fhoireann Riaracháin san áireamh	Mír 4 agus Mír 5 go háirithe

Iarscríbhinn 2: Foireann an tSoláthraí ar casadh orthu i gcúrsa na Meastóireachta

Ainm	Ról / Post
Niamh Ní Chadhla	An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Éamonn Ó Dónaill	An Stiúrthóir Oideachais
Darren Ó Rodaigh	An Stiúrthóir Tráchtála



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Eimear Ní Chinnéide	Léachtóir le Gaeilge / An tOifigeach um Dhearbhú Cáilíochta
Derek O'Brien	An Riarthóir Acadúil
Líadan Ní Chearbhaill	An Fíordheimhniitheoir Inmheánach
Cormac Breathnach	Léachtóir
Rónán Ó hAinifidh	Éascaitheoir Ríomhfhoghlama

Aguisín: Freagairt an tSoláthraí ar Thuarascáil an Phainéil ar
Athbhunú Caidrimh

Gaelchultúr Teoranta
11 Sráid an Chláraigh
Baile Átha Cliath 2
D02 TD34

09 Samhain 2020

An Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
26-27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2
D02 P266

Don té lena mbaineann,

Litir is ea í seo le deimhniú go bhfuil Gaelchultúr Teoranta sásta go bhfuil an t-eolas atá i *Tuarascáil an Phainéil ar Athbhunú Caidrimh – Gaelchultúr Teo* cruinn ceart agus gur éirigh le Gaelchultúr moltaí éigeantacha an phainéil a chur i bhfeidhm.

Leis an litir seo, tá aiseolas Ghaelchultúir ar chruinneas fórasach na tuarascála.

Le gach dea-ghuí,

Niamh Ní Chadhla

Niamh Ní Chadhla


Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin | *Chief Executive Officer*

Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr

+353 (1) 484 5223 | niamh@gaelchultur.com



**COLÁISTE
hÉIREANN**



Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr

Soláthraí Oideachais Gaeilge | *Irish Language Education Provider*

11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2, D02 TD34 | *11 Clare Street, Dublin 2, D02 TD34*

www.gaelchultur.com | www.ranganna.com | www.siopa.ie

1890 252 900 | +353 (1) 484 5220

